

TACÚ LE HAISTRÍÚ NÍOS FEARR ÓN OIDEACHAS DARA LEIBHÉAL GO DTÍ AN TARDOIDEACHAS:

Cur chun Feidhme agus na Chéad Chéimeanna Eile



State Examinations Commission
Coimisiún Na Scrúduithe Stáit

iuA IRISH
UNIVERSITIES
ASSOCIATION

NCCA
An Chomhairle Náisiúnaí Curáil agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ICTI
Institutes of Technology Ireland

AN tAIREAS | DEPARTMENT OF
OIDEACHAS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tUÐARÁS um ARD-OIDEACHAS



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

BROLLACH AN AIRE



Is go fíormhaith a fhreastalaíonn córas oideachais na hÉireann ar ár leanaí agus ár ndaoine óga. Tá múinteoirí ardoilte ag oibriú inár seomraí ranga againn. Tá torthaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag feabhsú i litearthacht agus in uimhearthacht againn. Táimid chun tosaigh ar na tíortha eile san Eoraip maidir leis an gcéatadán dár lucht saothair óg ag a bhfuil cáilíocht ardoideachais. Rud ba thábhachtaí fós, tá daltaí gafa nuálacha againn a bhfuil ag éirí leo i scoileanna agus i gcoláistí ar fud na tíre.

I roinnt réimsí, áfach, ní hionann na cuspóirí agus na haidhmeanna atá againn dár ndaoine óga agus na torthaí a bhainimid amach. Réimse amháin den chineál sin is ea an t-aistriú ón scoil go dtí an t-ardoideachas.

Pointe tábhachtach sa chontanaim oideachais í an Ardteistiméireacht, agus bonn cirt leis sin. Tá sé cuí ag an bpointe seo go ndéanann daoine óga dianiarracht na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Is le tréimhse rófhada atá córas na bpointí ag méadú an bhrú ag an gcéim seo, áfach. Ní leor go dtugann siad spreagadh do dhaltaí lán a gcumais a bhaint amach, fágann na bandaí beaga grádúcháin atá i bhfeidhm ón mbliain 1992 i leith nach bhfuil daltaí ach 2 cheann nó 3 cinn de mharcanna óna ngrád a mhéadú nó óna ngrád a laghdú. Is eol dúinn go gcuireann sé sin brú neamhriachtanach ar dhaoine óga. Maolófar an brú sin leis na bandaí grádúcháin nua atá á gcur chun feidhme.

Na tograí le haghaidh córas forásach nua pointí, a bhfuil eiseamláir de curtha san áireamh sa doiciméad seo, tabharfaidh siad luach a saothair do dhaltaí atá uaimhianach as dul i bhfiontar agus dul faoi pháipéir ardleibhéil nó as na páipéir sin a dhéanamh ar chaighdeán ard. Rud a thiofadh as an athrú chuig córas forásach den chineál sin is ea laghdú ar an mbaol go n-éireoidh roghnú randamach ina ghné choiteann le haghaidh áiteanna coláiste.

D'eascair roinnt fionnachtana speisiúla as an obair atá déanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar a scrúdú cé acu atá intuathacht fhadhbach i scrúduithe stáit ina saincheist nach mór aghaidh a thabhairt uirthi nó nach bhfuil. Tugann an obair sin le tuiscint nach bhfuil scrúduithe baol ar chomh hintuartha is a mheasamar roimhe sin.

Tá sé chomh tábhachtach sin go gcuirfidh na haistrithe atá á ndéanamh ag na hollscoileanna i dtreo iontráil níos leithne san ardoideachas cosc ar dhaltaí cinneadh a dhéanamh ag céim róluath ar an speisialachas a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dóibh níos moille sa saol.

Ba cheart go laghdóimis líon na ndaoine a éiríonn as coláiste agus an brú neamhriachtanach ar dhaltaí sa séú bliain ach cead a thabhairt do dhaoine dul isteach i gcúrsaí ag a bhfuil bonn leathan agus speisialachas a roghnú agus iad níos faide ar aghaidh ina gcéim.

Laghdaigh na hollscoileanna líon na gcúrsaí go dtí na leibhéil in 2011 agus thug siad gealltanais go dtiocfadh laghdú 20% sa bhreis ar an líon faoin mbliain 2017. Is athruithe fiúntacha iad sin den chéad uair le glúin anuas.

Tá ceithre bliana caite againn chun an pointe seo a shroicheadh. Le linn na tréimhse sin, d'oibrigh grúpa daoine stuama tiomanta le chéile chun sraith athruithe a tháirgeadh a mbainfidh ár ndaltaí tairbhí an-inláimhsithe astu. Ar na comhlachtaí sin a bhfuil páirt lárnach imeartha acu san obair sin tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Cumann Ollscoileanna Éireann agus Institiúidí Teicneolaíochta Éireann.

Is éard atá sna torthaí ná fianaise ar chumas na ngrúpaí sin go léir oibriú le chéile agus aidhm amháin ina n-intinn acu, is é sin, an t-aistriú ón scoil go dtí an t-ardoideachas a fheabhsú dár ndaltaí go léir.

Jan O'Sullivan, TD
An tAire Oideachais agus Scileanna
Aibreán 2015

CLÁR ÁBHAR


1.	Réamhrá	5
2.	An comhthéacs le haghaidh athchóiriú	8
3.	Intuarthacht fhadhbach i scrúdú na hArdteistiméireachta	10
3.1	Meastóireacht sheachtrach arna déanamh ag Lárionad Ollscoil Oxford um Measúnacht Oideachais	10
3.2	Ceisteanna agus torthaí taighde	11
3.3	Foilsíú agus na chéad chéimeanna eile	12
4.	Scála grádúcháin nua do scrúdú na hArdteistiméireachta	13
4.1	Scála grádúcháin nua do scrúdú na hArdteistiméireachta	13
5.	Comhscála pointí athbhreithnithe	15
5.1	Réamhrá	15
5.2	Tograí	16
5.3	Réasúnaíocht	16
5.4	Sampla léiritheach	18
6.	Iontráil níos leithne d'fhochéimithe	19
6.1	An earnáil ollscoileanna	19
6.2	An earnáil teicneolaíochta	20
7.	Obair eile agus ábhair a bhaineann le hiontráil	21
8.	Creat taighde agus meastóireachta	22
9.	Na chéad chéimeanna eile	22
10.	Gluais na ngiorrúchán	23
	Aguisín 1 - Tátail an taighde ar intuarthacht (OUCEA) agus saincheisteanna lena mbreithniú	24

1 RÉAMHRÁ

An tuarascáil, *From Transaction to Transition: Outcomes of the Conference on the Transition from Second to Third-Level Education in Ireland*, (an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), 2011), agus an chomhdháil a cuireadh ar siúl i mí Mheán Fómhair 2011 ar a bhfuil sí bunaithe, tháinig siad as comhghéalltanais a thug an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta d'iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cáilíocht an aistrithe ó oideachas dara leibhéal go hoideachas tríú leibhéal a fheabhsú. Bhí sé ina fhreagairt don taighde, don díospóireacht agus don dioscúrsa poiblí maidir leis an tionchar atá ag an rogha a dhéanann lucht fágála scoile ar dhul ar aghaidh chuig ardoideachas agus le ról na hArdteistiméireachta sa phróiseas sin ar cháilíocht an eispéiris leis an tsraith shinsearach i scoileanna agus ar chumas na mac léinn fochéime ina dhiaidh sin páirt éifeachtach a ghlacadh in oideachas tríú leibhéal.

Chun forbairt a dhéanamh ar an gcomhoibriú tosaigh sin agus ar aon dul leis an meon a ghabhann le cur chuige córas oideachais uile, rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscnamh arb é is aidhm dóibh an t-aistriú sin a fheabhsú trí phróiseas comhoibríoch idir na príomhpháirtithe oideachais in oideachas dara leibhéal agus in ardoideachas. Chabhraigh an Grúpa um Athchóiriú an Aistrithe leis na tionscnaimh sin. Déanann Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna cathaoirleacht air agus cuimsíonn sé ionadaithe ó na comhlachtaí seo: an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA), Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA), Institiúidí Teicneolaíochta Éireann (IoTI), Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC).

Buaic na chéad chéime den iarracht seo a bhí leithleach ó thaobh a cineáil chomhoibríoch de ba ea foilsíú na tuarascála eatramhaí ar Athchóiriú an Aistrithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna ag an am, *"Tacú le hAistriú níos Fearr ón Oideachas Dara Leibhéal go dtí an tArd-Oideachas: Príomhthreoracha agus na Chéad Chéimeanna Eile"* (tuarascáil na dTreoracha) i mí an Mhárta 2013. Leagadh amach sa tuarascáil trí phríomhghéalltanais a thug na comhpháirtithe sa Ghrúpa:



Gealltanas go dtabharfaí aghaidh ar aon intuarthacht fhadhbach in anailís ar intuarthacht scrúdú na hArdteistiméireachta;

Gealltanas go laghdófaí líon na mbannaí grádúcháin a úsáidtear i scrúdú na hArdteistiméireachta;

Gealltanas go laghdófaí go mór líon na dtairiscintí cláir le haghaidh iontráil níos leithne d'fhochéimithe go honóracha cláir chéime baitsiléara leibhéal 8 sna hollscoileanna agus do sholáthar cláir leibhéal 8 sna hinstitiúidí teicneolaíochta a athbhreithniú chun punann mheasctha clár ag a bhfuil iontráil ainmnithe chineálach a chinntiú.

De bharr idirspheáchas na sraithe casta tosa a théann i bhfeidhm ar an aistriú idir oideachas dara leibhéal agus ardoideachas, tá sé ríthábhachtach go mbaintear úsáid as cur chuige córais uile a bhfuil riachtanais an dalta ina gcuid lárnach de chun réitigh chuí a aimsiú.

Is iad na trí phrionsabal bhunúsacha agus aontacha den chur chuige a ghlac na comhpháirtithe:


- I. Aitheantas gur bonn daingean le haghaidh foghlaim rathúil in ardoideachas atá i ndeathorthaí foghlama agus in eochair-inniúlachtaí a fhorbraítear trí eispéireas ardchaighdeán dalta ag oideachas dara leibhéal;
- II. Cabhraíonn cur chuige simplithe comhtháite cuíchóirithe le droichead a thógáil do dhaltaí de réir mar a aistríonn siad ó leibhéal oideachais amháin go leibhéal oideachais eile;
- III. Ní mór iontaofacht, bailíocht, ionracas, cothromas, cothroime agus trédharcacht a bheith ag ár gcóras náisiúnta scrúdaithe agus iontrála ardoideachais mar shainmharcanna. Is gá go gcaomhnaítear muinín iomlán an phobail as an dá chóras.

Ó foilsíodh tuarascáil na d*Treoracha*, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo athchóiriú an aistrithe sin trí phríoséas breithniúcháin dhiainn, taighde agus plé ar thug an Grúpa faoi le chéile agus ar tugadh faoi laistigh de na hearnálacha aonair.

Tar éis fhoilsiú na tuarascála eatarmaí, cuireadh dhá mhór-imeacht comhairliúcháin ar siúl in 2013 inar iarradh tuairimí cleachtóirí agus geallsealbhóirí sa dara leibhéal agus san ardoideachas faoi na trí phríomhthreoir. D'fhoilsigh an Grúpa an t-eolas is deireanaí um Cháisc 2014, tráth ar fógraíodh struchtúr grádúcháin sealadach nua le haghaidh Scrúdú na hArdteistiméireachta.

I dteannta a chéile, tá pacáiste beart lena chur chun feidhme do na daoine sin a bheidh ag dul isteach sa chúigiú bliain i mí Mheán Fómhair 2015 á fhógairt ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag na comhpháirtithe sa Ghrúpa um Athchóiriú an Aistrithe.

Tá ceithre chomhpháirt phríomha den tsraith athruithe sin agus leagtar amach iad sa tuarascáil seo:



2

AN COMHTHÉACS LE HAGHAIDH ATHCHÓIRIÚ

Leagtar amach i dtuarascáil na d*Treoracha* an réasúnaíocht agus an comhthéacs le haghaidh an chlár athchóirithe ar ghabh na comhpháirtithe sa Ghrúpa dó. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil “rás na bpointí”, mar a thugtar air, ina chúis le hidirghníomhacht chasta tosa a dhéantar níos measa trí scrúdú na hArdteistiméireachta a úsáid le haghaidh roghnú agus iontráil san ardoideachas.

Tá na nithe seo i gceist leis an idirghníomhaíocht sin::

- Cineál an ullmhúcháin le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta agus cineáil na measúnachta ann;
- An bealach ina ndéantar gráid a bhronnadh agus a thiontú go scór pointí chun daltaí a rangú le haghaidh iontráil san ardoideachas;
- Iomadú na mbealaí iontrála go dtí an t-ardoideachas (a bhfuil líon an-bheag áiteanna ag roinnt mhaith díobh); agus
- An t-éileamh an-ard ar roinnt bheag cúrsaí ollscoile ag a bhfuil líon teoranta áiteanna.

I dtaighde a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ERSI) (Smyth, Banks agus Calvert 2011) agus i gcomhairliúchán a rinneadh maidir le hathchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus le hAthchóiriú an Aistrithe, léirítear go bhfuil tionchar rás na bpointí le sonrú ar fud oideachas dara leibhéal, rud is cúis le heispéireas teagaisc agus foghlama sa séú bliain a bhfuil tionchar na scrúduithe tábhachtacha le teacht chomh ceannasach sin ann¹. Léirigh an ESRI agus comhlachtaí eile (Hyland 2011)² na leibhéil iarmhartacha struis ar dhaltaí na sraithe sinsearaí agus an tionchar ar a bhfoghlaim agus tháinig na leibhéil struis sin aníos go han-láidir i gcomhairliúchán a rinneadh le daltaí sa chúigiú bliain agus sa séú bliain a rinneadh mar chuid de chomhchomhairle le linn an phróisis um Athchóiriú an Aistrithe. (McEvoy 2013)³.

Rud a bhuntacaíonn leis an gcur chuige comhoibríoch ar fud comhpháirtithe oideachas dara leibhéal agus ardoideachais is ea aitheantas nár cheart a mheas i gcóras comhtháite go bhfuil sé mar aidhm aonair ag céim oideachais ar bith freastal ar riachtanais na chéad chéime eile. Más rud é go bhfuil tacaíocht le tabhairt d'fhoghlaim agus d'fhoghlaimoirí ag an bpointe rithábachtach seo dá saol, caithfear an fhéidearthacht a bhaineann le hoideachas na sraithe sinsearaí agus eispéireas an fhochéimí a athailíniú le chéile i bhfad níos mó ná ag am ar bith riamh, i gcomhréir leis na cuspóirí foghlama comhroinnte san aistriú tábhachtach seo in oideachas in Éirinn. Áirítear leis na cuspóirí sin cur chuige ró-ionstraimíoch um foghlaim a dhíspreagadh agus smaointeoireacht chriticiúil, athmhachnamhach agus neamhspleách a spreagadh agus a chúiteamh.

Gné rithábachtach d'obair an Ghrúpa um Athchóiriú an Aistrithe is ea an t-aitheantas láidir gur cheart taighde daingean agus anailís dhaingean ar an bhfianaise atá ar fáil eolas a dhéanamh do gach gné de bhreithniúcháin na gcomhpháirtithe. Baineann tábhacht ar leith leis sin de bharr gheallta arda agus íogaireacht an aistrithe sin.

¹ E. Smyth, J. Banks and E. Calvert, *From Leaving Certificate to Leaving School: A Longitudinal Study of Sixth Year Students* (ESRI, 2011).

² A. Hyland, *Entry to Higher Education in Ireland in the 21st Century: Discussion Paper for the NCCA / HEA Seminar to be held on 21st September 2011*.

³ O. McEvoy, *Report on the Consultation with 5th and 6th Year Students on the Reform of the Transition from 2nd to 3rd Level Education* (Cnag ar an Doras - Consultancy & LifeCoaching, 2013).

INTUARTHACHT FHADHBACH I SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉREACHTA

3

3.1 MEASTÓIREACHT SHEACHTRACH ARNA DÉANAMH AG LAR-IONAD OLLSCOIL OXFORD UM MEASÚNACHT OIDEACHAIS

Ceann amháin de na trí phríomhthreoir a leag an tAire amach i dtuarascáil na dTreoracha ba ea: Gealltanais go dtabharfaí aghaidh ar aon intuarthacht fhadhbach in anailís ar intuarthacht scrúdú na hArdteistiméireachta.

Is féidir leis an méid a mheastar páipéir scrúdaithe na hArdteistiméireachta a bheith intuatha bheith go mór le sonrú san ullmhúchán scrúdaithe a dhéanann daltaí agus múinteoirí de réir mar a dhéanann siad ar an Ardteistiméireacht. Tá an tsaincheist i láthair i ndioscúrsa poiblí freisin. Is féidir a mheas gur rud dearfach í intuarthacht (sa dóigh is go meastar ar fud an domhain go bhfuil an iomad iontais ar scrúdú míchothrom d'iarrthóirí) nó gur rud diúltach í (toisc go luaitear go minic gur cúis le foghlaim mhíchuí de ghlanmheabhair í).

Bhí a lárnaí a bhí an tsaincheist sin sa díospóireacht phoiblí faoin Ardteistiméireacht ina cúis le gealltanais a thug an tAire go ndéanfaí measúnú neamhspleách láidir ar intuarthacht a bheith sa chóras scrúdaithe, ar na háiteanna ina bhfuil sí agus ar a méid, sula sainaitheofaí aon bheart ceartaitheach riachtanach.

3.2 CEISTEANNA AGUS TORTHAÍ TAIGHDE

Choimisiúnaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar intuarthacht i scrúduithe Ardteistiméireachta na hÉireann a rinne Lárionad Ollscoil Oxford um Measúnú Oideachais (OUCEA) faoi stiúir an Ollaimh Jo-Anne Baird, Ollamh Pearson um Measúnacht Oideachais agus Stiúrthóir ar an OUCEA, agus i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. Tugann an staidéar freagra cuimsitheach ar na ceisteanna taighde seo a leanas.

- Cad is eol ag leibhéal idirnáisiúnta ar an tionchar atá ag scrúduithe ag a bhfuil geallta arda ar theagasc agus ar chineálacha cuir chuige maidir le foghlaim, go háirithe i dtaca le hintuarthacht agus le foghlaim de ghlanmheabhair?
- Cé na cineálacha foghlama arb é is aidhm do scrúduithe na hArdteistiméireachta iad a chur chun cinn?
- Cé chomh hintuartha atá ceisteanna scrúdaithe san Ardteistiméireacht in Éirinn?
- Cé na gnéithe den intuarthacht sin atá cabhrach agus cé na gnéithe a ghineann cineálacha cuir chuige neamh-inmhianaithe maidir le foghlaim?
- Cé na feiniméin dearaidh shiollabais agus mheasúnachta a bhaineann le hintuarthacht?
- Cé na feiniméin atá sonracha don ábhar a bhaineann le hintuarthacht?
- Cé na cineálacha straitéisí a úsáideann múinteoirí agus daltaí chun ullmhú do scrúduithe? Cé acu cinn a dtéann intuarthacht an scrúdaithe i bhfeidhm orthu?
- Sainaithe saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs na hÉireann maidir leis na leibhéil d'intuarthacht fhadhbach a sainaitheodh i scrúdú na hArdteistiméireachta.

Rinneadh an mheastóireacht i dtrí chéim: athbhreithniú litríochta agus anailís ar thráchtairacht sna meáin ar scrúduithe na hArdteistiméireachta; anailís fhairsing agus taighde fairsing ar ábhair scrúduithe i sé ábhar; taighde múinteoirí agus foghlaimoirí, lena n-áirítear suirbhéanna ar níos mó ná 1,000 iarrthóir Ardteistiméireachta in 2013 agus obair allamuigh a rinneadh i 17 scoil ionadaíoch ar fud na hÉireann.

Ar an iomlán, níor tacaíodh i dtorthaí an taighde le hábhair inní faoina intuartha atá ábhar na scrúdcheistanna Ardteistiméireachta. Níor aimsíodh ceann ar bith de na scrúduithe a bheith intuartha ón taobh fadhbach de sna téarmaí sin. Thug na taighdeoirí faoi deara go bhfuil sé tábhachtach maidir le hiontaofacht na hArdteistiméireachta gur measúnú iontaofa é agus mhol siad gur cheart beart sonracha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an dóigh a léirítear na scrúduithe sa réimse poiblí d'fhonn iontaoibh as na scrúduithe náisiúnta tábhachtacha sin a choimeád.

Mar sin féin, agus iad ag aistriú amach ón tsaincheist chúnga a bhaineann lena intuartha atá ábhar na gceistanna go dtí an tsaincheist níos leithne a bhaineann leis na cineálacha foghlama a nglacann daltaí páirt iontu, níor shainaithin na taighdeoirí gnéithe áirithe de na scrúduithe a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu go tairbhiúil. Áirítear leis na gnéithe sin an bhéim ar an measúnacht ar scileanna ardoird smaointeoireachta sna scrúduithe a mhéadú tuilleadh. Thug na taighdeoirí faoi deara gur ábhar inní coitianta ar fud an domhain i dtaca le scrúduithe é sin agus go mbeifí ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta i measúnacht dá mbogfaí níos faide sa treoir sin de réir mar a athbhreithnítear ábhair.

Sainaithnítear sa tuarascáil roinnt saincheistanna lena mbreithniú ag na húdaráis Éireannacha a tháinig as na torthaí sin. Cé gur féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt díobh sa ghearrthréimhse, caithfear plean fadtéarmach a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar roinnt eile agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá tátail an taighde agus na príomh-shaincheistanna a tháinig as an taighde faoi iamh in Aguisín 1.

3.3 FOILSIÚ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an tuarascáil agus na ceithre pháipéar oibre gaolmhara a fhoilsiú ar ball. Tá súil ag an nGrúpa go spreagfar díospóireacht le foilsiú na tuarascála seo agus go mbeidh sí ina dea-bhonn fianaise do dhaltaí, do mhúinteoirí agus don phobal leathan ó thaobh eolas a dhéanamh dá ndearcadh ar scrúduithe na hArdteistiméireachta de.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil intuarthacht agus teagasc de réir an scrúdaithe ina mbunábhair inní faoi scrúduithe ag a bhfuil geallta arda i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain. Ós rud é go bhfuil beagán fianaise eimpírí ar domhan ar shaincheist na hintuarthachta, tugtar faoi deara sa tuarascáil go mbeidh spéis ag eagraíochtaí agus taighdeoirí measúnachta ag leibhéal idirnáisiúnta sa taighde a rinneadh ar chóras na hÉireann, agus é ar an gcéad staidéar den leithead agus den doimhneacht sin ar an tsaincheist sin.

D'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna comhairle Choimisiún na Scrúduithe Stáit go foirmiúil maidir le conas ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a sainaithníodh sa tuarascáil taighde neamhspleách. Bainistear aon athruithe go cúramach chun cothroime d'iarrthóirí a chinntiú.

SCÁLA GRÁDÚCHÁIN NUA DO SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

4

4.1 SCÁLA GRÁDÚCHÁIN NUA DO SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

Ba é a bhí sa dara treoir a leag an tAire amach i dtuarascáil na d*Treoracha* ná gealltanais go laghdófaí líon na mbandaí grádúcháin a úsáidtear i scrúdú na hArdteistiméireachta. Bhí sé sin mar fhreagairt d'ábhair inní faoi cé acu a bhí, nó nach raibh, iarmhairtí neamhbheartaithe ag na 14 phointe grádúcháin (ag an dá leibhéal) i scrúdú na hArdteistiméireachta do chineál an scrúdaithe agus d'eispéireas an dalta le hoideachas na sraithe sinsearaí le himeacht ama. Rud ba shonraí fós, d'fhéadfadh an úsáid a bhainfí as bandaí cúnga grádúcháin brú a chur ar dhaltaí gnóthachain bheaga i bhfeidhmíocht scrúdaithe a bhaint amach agus, mar sin de, an iomarca airde a dhíriú ar mhionsonraí an phróisis mheasúnachta in ionad bhaint amach na gcuspóirí leathana foghlama.

Is ar leith ag leibhéal idirnáisiúnta atá an úsáid a bhaintear in Éirinn as an oiread sin bandaí grádúcháin (28 banda grádúcháin sa Ghnáthleibhéal agus san Ardleibhéal ar fad). Tugadh isteach í i 1992 ar iarratas institiúidí ardoideachais de bharr ábhair inní a ardaíodh faoin úsáid mhéadaitheach a bhíodas ag baint as roghnú randamach le haghaidh áiteanna in institiúidí tríú leibhéal. Úsáidtear cúig phointe grádúcháin in Albain, úsáidtear sé cinn i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann (Scrúduithe A-Leibhéal), úsáidtear seacht gcinn san Fhionlainn, úsáidtear seacht gcinn sa Baccalaureat Idirnáisiúnta agus úsáidtear ceithre cinn sa Nua-Shéalainn. Úsáidtear deich bpointe grádúcháin san Ísiltír. Mar sin féin, is annamh a bhronntar na bandaí an-ard agus an-íseal agus is as na sé phointe ar lár a bhronntar formhór na ngrád.

Rinne comhpháirtithe sa Ghrúpa um Athchóiriú an Aistrithe plé mar chuid den phróiseas leathan comhoibríoch athchóirithe agus rinneadh plé níos dírithe sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit. Breithníodh roinnt samhlacha go mion ag ceardlann théamúil mar chuid den dara Comhdháil Aistrithe a cuireadh ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, i mí an Mheithimh 2013 agus ag comhairliúchán le daltaí dara leibhéal i mí Dheireadh Fómhair 2013. Tar éis na gcomhairliúchán agus an phlé sin, comhaontaíodh scála grádúcháin nua ocht bpointe atá bunaithe ar bhandaí grádúcháin 10%. Tá an scála grádúcháin nua agus sampla den chuma a bheidh ar *Ráiteas Torthaí* na hArdteistiméireachta léirithe i bhFíor 2 agus bhFíor 3.

FÍOR 2: SCÁLA GRÁDÚCHÁIN NUA

An Scála Reatha (14 phointe)	% Bronnta	An Scála Nua	% Bronnta
A1	90-100	H1 / O1	90-100
A2	85<90	H2 / O2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	H3 / O3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	H4 / O4	60<70
C2	60<65		
C3	55<65	H5 / O5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	H6 / O6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	H7 / O7	30<40
F	10<25	H8 / O8	0<30

FÍOR 3: RÁITEAS TORTHÁI ARDTEISTIMÉIREACHTA SAMPLACH

Ábhair / Subjects	Leibhéal / Level	Grád/Grade
Gaeilge Irish	Árd Higher	3
Béarla English	Gnáth Ordinary	1
Matamaitic Mathematics	Bonn Foundation	1
Iodáilis Italian	Árd Higher	7
Ceimic Chemistry	Gnáth Ordinary	7
Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta Home Economics – Scientific and Social	Árd Higher	6
Tireolaíocht Geography	Gnáth Ordinary	5

1 = 90 – 100% 2 = 80 < 90% 3 = 70 < 80% 4 = 60 < 70%
5 = 50 < 60% 6 = 40 < 50% 7 = 30 < 40% 8 = 0 < 30%

COMHSCÁLA POINTÍ ATHBHREITHNITHE

5

5.1 RÉAMHRÁ

Beidh gá ann leis an gcomhscála pointí a athbhreithniú de bharr thabhairt isteach an scála grádúcháin nua do scrúduithe Ardteistiméireachta. Tá na hollscoileanna agus na hinstiúidí teicneolaíochta ag obair le chéile chun an comhscála pointí a chur in oiriúint don chóras grádúcháin nua, rud a mbeidh níos lú grádbhandaí, agus grádbhandaí níos leithne, ag gabháil leis. Tá sé tábhachtach go dtugtar leis an scála nua tomhas bailí cóir ar ghnóthachtáil scolaíoch agus ar an acmhainn atá ann rath a bhaint amach san ardoideachas. D'fhorbair na Tascghrúpaí arna mbunú ag an IUA agus ag an IOTI sraith tograí a bhfuil na mór-gheallsealbhoirí oideachais i bhfách leo. Cuirfear na tograí sin faoi bhráid Chomhairlí Acadúla na n-institiúidí ardoideachais lena bplé. Cuirfear faisnéis iomlán ar an scála pointí athbhreithnithe ar fáil do dhaltaí a bheidh ag dul isteach sa tsraith shinsearach i mí Mheán Fómhair 2015. Fuair obair Thascfhórsaí an IUA agus an IOTI eolas ó chomhghrúpa taighde faoi chathaoirleacht an HEA, rud a bhfuil tástáil á déanamh aige ar na torthaí ar na roghanna éagsúla atá ann trí leas a bhaint as sonraí faoi scrúduithe Ardteistiméireachta a fuair an Foras Taighde ar Oideachas ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

5.2 TOGRAÍ

Moltar sna tograí seo, atá sealadach agus faoi réir athbhreithniú ag Comhairlí Acadúla, gur cheart na prionsabail seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an gcomhscála pointí athbhreithnithe.

Ba cheart don scála pointí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An luach coibhneasta gnóthachtála ag an nGnáthleibhéal i gcomparáid le gnóthachtáil ag an Ardleibhéal mar atá i bhfeidhm sa chomhscála pointí reatha a chaomhnú;
- Íoslághdú a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear roghnú randamach, rud a d'fhéadfadh teacht as an aon scór pointí a bheith á fháil ag barraíocht daltaí, go háirithe ag an Ardleibhéal;
- Glacadh ábhar Ardleibhéil a spreagadh san Ardteistiméireacht trí phointí a bhronnadh i leith an ghráid nua H7;
- Leanúint ar aghaidh le bónasphointí a bhronnadh i leith na matamaitice Ardleibhéil ar bhealach atá cosúil leis an scéim reatha.

5.3 RÉASÚNAÍOCHT

Tá na tograí seo á gcur ar aghaidh agus réasúnaíocht oideachasúil shoiléir ag gabháil leo.

5.3.1 An gaol idir na pointí a bhronntar do thorthaí ag an Ardleibhéal agus do thorthaí ag an nGnáthleibhéal a chaomhnú

Cuireann líon suntasach daltaí meascán d'ábhair Ardleibhéil agus d'ábhair Ghnáthleibhéil i láthair agus iad ar lorg iontráil san ardoideachas. Tá sé tábhachtach go mbíonn daltaí in ann páipéir Ardleibhéil nó páipéir Ghnáthleibhéil a roghnú de réir an chumais agus na spriocanna oideachais atá acu. Ba cheart do na pointí a bhronntar i leith gráid Ardleibhéil agus gráid Ghnáthleibhéil léiriú cóir a thabhairt ar an leibhéal gnóthachtála agus acmhainneachta acadúla a bhaineann leis na gráid sin agus ba cheart rannpháirtíocht le curaclaim agus le measúnacht Ardleibhéil a dhreasú go cuí do na daltaí sin a bhfuil cumas acu tairbhe a bhaint as an rannpháirtíocht sin. Tá dea-chúis ann leis an ailíniú reatha idir na pointí a bhronntar i leith gnóthachtála ag an Ardleibhéal agus pointí a bhronntar i leith gnóthachtála ag an nGnáthleibhéal a choinneáil ar bun. Chun tacú leis an togra sin, chinn an Roinn Oideachais agus Scileanna an nascacht reatha idir gráid Ardleibhéil agus gráid Ghnáthleibhéil a ghlacadh mar bheartas lena chur chun feidhme leanúnach ag an NCCA agus ag an SEC.

Ina theannta sin, tá fianaise láidir chun tacú leis an gcoibhneasacht reatha tar éis teacht as anailís staitistiúil mhionsonraithe, áit a léirítear gurb ionann leibhéal gnóthachtála do ghrád

A ag an nGnáthleibhéal agus do ghrád C ag an Ardleibhéal, díreach mar is ionann leibhéal gnóthachtála do ghrád B ag an nGnáthleibhéal agus do ghrád D ag an Ardleibhéal.

Má choinnítear an t-ailíniú sin ar bun, fágfaidh sé sin sa chleachtas go mbeidh na pointí do ghrád 1 ag an nGnáthleibhéal cothrom le grád 5 ag an Ardleibhéal agus go mbeidh na pointí do ghrád 2 ag an nGnáthleibhéal cothrom le grád 6 ag an Ardleibhéal.

5.3.2 Roghnú randamach a íoslághdú

Ar mhaithe le híoslághdú a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear roghnú randamach nuair a bhíonn áiteanna san Ardoideachas á leithdháileadh, tá sé an-tábhachtach scála a dheardh lena laghdaítear an dóchúlacht go bhfaighidh daltaí an t-aon scór pointí. Faoin scála reatha, is a bheag nó a mhór cothrom lena chéile atá na méaduithe i bpointí a bhronntar de réir gach gráid in airde (5 phointe)⁴ agus déanann an chomhsheasmhacht sin méadú suntasach ar an dóchúlacht go bhfaighidh a lán daltaí an t-aon scór pointí. Is féidir roghnú randamach a dhéanamh dá bharr sin, go háirithe i gcúrsaí nach bhfuil ach líon beag áiteanna le fáil iontu. Beidh tuilleadh riosca ann ina leith sin mar gheall go mbeidh níos lú bandaí, agus bandaí níos leithne, in úsáid sa scála grádúcháin nua don Ardteistiméireacht.

Moltar, dá bhrí sin, go gcuirfeadh difríochtaí i bhfeidhm idir an líon pointí a bhronntar i leith gach gráid. Mar thoradh air sin, beidh laghdú ann ar an líon daltaí a gheobhaidh an t-aon scór pointí agus, dá bhrí sin, beidh laghdú ann freisin ar an dóchúlacht go n-úsáidfeadh roghnú randamach.

5.3.3 Glacadh ábhar Ardleibhéil a spreagadh trí phointí a bhronnadh i leith an ghráid nua H7

Tá breithniú á dhéanamh ag na hollscoileanna agus na hinstiúidí ardoideachais ar conas is féidir leo glacadh ábhar Ardleibhéil a spreagadh tuilleadh san Ardteistiméireacht, rud atá ar aon dul leis an mórbheartas oideachais náisiúnta. Is é an foras leis an togra ar leith sin ná laghdú a dhéanamh ar an riosca, ar thaobh an dalta, a bhaineann le scrúduithe Ardleibhéil a dhéanamh. Faoin gcóras reatha, ní bhronnfar aon phointí ar dhaltaí a thugann faoi pháipéar Ardleibhéil agus a fhaigheann grád E ina dhiaidh sin. Má thugann an dalta sin faoin bpáipéar Gnáthleibhéil, áfach, is dóigh go bhfaighidh sé/sí grád ag an nGnáthleibhéal a mbronntar pointí ina leith. Dá bhrí sin, dá mbronntar pointí i leith an ghráid nua H7, bheadh laghdú suntasach ann ar an riosca os comhair dalta a roghnaíonn tabhairt faoin scrúdú Ardleibhéil. Ina theannta sin, agus de bharr chineál na scrúduithe curaclamhunaithé, tá sé doiligh údar a thabhairt le 60 pointe a bhronnadh i leith scór 56% i bpáipéar Ardleibhéil, le 50 pointe a bhronnadh i leith scór 46% i bpáipéar Ardleibhéil agus le gan pointe ar bith a bhronnadh i leith scór 36% i bpáipéar Ardleibhéil.

⁴ Tá eisceacht amháin ann: is é an luach saothar a thugtar as A1 (90-100%) seachas A2 (85-90%) a bhaint amach ná 10 bpointe bhreise

5.4 SAMPLA LÉIRITHEACH

Léirítear i bhFíor 4 sampla de chomhscála pointí atá bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach sa pháipéar seo, agus é mar aidhm leis a léiriú conas a d'fhéadfaí na tograí a chur chun feidhme. Mar sin féin, tá formáid an scála nua fós faoi athbhreithniú agus is gá roinnt saincheistanna casta dearaidh a réiteach go fóill. Mar sin, ní hé seo an scála nua atá beartaithe. I measc na saincheistanna eile is gá a thabhairt chun críche, tá an dóigh a ndéanfar dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, na nascmhodúil (Gairmchlár na hArdeistiméireachta) agus an mhatamaitic Bhonnleibhéil a ionchorprú sa chomhchóras pointí. Déanfar tuilleadh oibre le linn an tsamhraidh chun gach gné den chomhscála pointí nua a thabhairt chun críche agus foilseofar sonraí iomlána faoin scála nua i mí Mheán Fómhair 2015.

FÍOR 4: COMHSCÁLA POINTÍ SAMPLACH

Grád Ardleibhéil %	Pointí samplacha an CAO	Grád Ardleibhéil %
H1 (90-100)	120	
H2 (80<90)	106	
H3 (70<80)	93	
H4 (60<70)	81	
H5 (50<60)	70	73 O1 (90-100)
H6 (40<50)	60	60 O2 (80<90)
		47 O3 (70<80)
H7 (30<40)	45	
		34 O4 (60<70)
		21 O5 (50<60)
		8 O6 (40<50)
H8 (0<30)		O7 (30<40)

IONTRÁIL NÍOS LEITHNE D'FHOCHÉMITHE

6

6.1 AN EARNÁIL OLLSCOILEANNA

Sa bhliain 2013, chomhaontaigh na hollscoileanna obair le chéile chun an líon bealaí iontrála atá ar fáil d'fhochéimithe a laghdú go dtí an líon íosta atá ag teastáil chun áiteanna a leithdháileadh ar iarratasóirí ar bhealach atá éifeachtúil agus cuí go hacadúil. Ní dhéanfaí aon difear don líon áiteanna a bheadh ar fáil d'iarratasóirí dá bharr sin. Ní hé amháin go ndearnadh é sin chun a chasta atá sé do dhaltáí dara leibhéal cúrsa a roghnú agus an leibhéal iomaíochais taobh thiar den chóras (Hyland 2011) a laghdú, ach rinneadh é freisin chun eispéireas níos leithne a thairiscint d'fhochéimithe, agus speisialtóireacht le roghnú níos déanaí sa chéim. Tá na prionsabail sin ag teacht leis an nuachóiriú ar churaclaim agus ar mheasúnacht fochéime atá á dhéanamh in institiúidí ar fud an chórais ardoideachais.

Chomhaontaigh na hollscoileanna sraith prionsabal chun an obair sin a threorú. Bhí na prionsabail sin leagtha amach ina n-iomláine i dtuarascáil na d *Treoracha*⁵.

"Tríd is tríd, chomhaontaigh na hollscoileanna uile go bhfuil bealach iontrála ag teastáil agus gur cheart é a choinneáil (nó bealach iontrála nua a bhunú) sna cásanna seo a leanas:

- tá sé ag teastáil chun mic léinn a ligean isteach i réimse leathan léinn (e.g. na healaíona, an eolaíocht, an gnó, an innealtóireacht);
- glactar go coitianta leis go bhfuil bealach iontrála ar leith ag teastáil (e.g. an ceol);
- tá sé ag teastáil chun mic léinn a ligean isteach i gclár gairmiúil ar leith (e.g. an t-altranas, an iriseoireacht);
- tá sé ag teastáil chun áiteanna a chiondáil i gcásanna inar mó i bhfad an t-éileamh ná an soláthar (e.g. an fhisiteiripe, an tsíceolaíocht);
- tá sé ag teastáil chun mic léinn a ligean isteach i roinnt bheag disciplíní nó réimsí staidéir ar tosaíochtaí straitéiseacha sainaitheanta agus difreáilte iad don institiúid lena mbaineann.

⁵ Rannán 2.3.2, Cuid a Dó, Treoracha, "Tacú le hAistriú Níos Fearr ón oideachas 2ú leibhéal go dtí an t-ardoideachas: Príomhthreoracha agus na Chéad Chéimeanna Eile", Márta 2013

I gcásanna ina bhfuil bealaí iontrála ainmnithe ag teastáil chun áiteanna a chiondáil ar shruthanna nó ar chosáin ardspeisialaithe laistigh de chlár a bhfuil acmhainn shrianta acu, déanfaidh ollscoileanna breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart roghnú chun sruthanna den sórt sin a dhéanamh tar éis iontrála bunaithe ar thorthaí i scrúduithe sa chéad bhliain agus/nó sa dara bliain."

Agus iad faoi threoir na bprionsabal sin, tá na hollscoileanna i mbun próiseas comhoibríoch faoi láthair chun a bpunann bealaí iontrála a athbhreithniú. Is bainte amach atá an sprioc thosaigh maidir leis an líon bealaí iontrála i Lámhleabhar an CAO 2015 a laghdú go dtí na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2011⁶. Tá laghduithe eile do 2017 beartaithe ag na hollscoileanna uile anois agus meastar go mbeidh laghdú breise 20% ann ar fud na hearnála faoin mbliain 2017 agus ina diaidh. I gcás roinnt de na hollscoileanna, tá athstruchtúrú ollmhór á dhéanamh acu ar a gclár fochéime, agus tá cur chuige curaclaim nua á ghlacadh acu ina leith, ar mhaithe le heispéireas níos leithne a chur ar fáil dá mic léinn ina luathbhlianta fochéime. Tá an méid sin ag cur leis an laghdú i mbealaí iontrála freisin. Agus na prionsabail sin á gcur chun feidhme acu, is eol do na hollscoileanna an gá leanúnach a bhíonn ann le freastal ar chohóirt éagsúla mhac léin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le híoslághdú a dhéanamh ar na bacainní a bhíonn roimh iarratasóirí.

6.2 AN EARNÁIL TEICNEOLAÍOCHTA

I dtuarascáil na d*Treoracha* chuir na hinstiúidí teicneolaíochta ceangal orthu féin athbhreithniú a dhéanamh ar a gclár ar mhaithe le punann mheasctha clár agus iontráil ainmnithe agus iontráil chineálach/choiteann a áirithiú. Tá an ceangal sin á chomhlíonadh. Chuir gach ceann de na ceithre instiúidí teicneolaíochta dhéag tús leis na hathbhreithnithe sin sa bhliain seo a chuaigh thart. Agus iad á ndéanamh trí roinnt meicníochtaí éagsúla, tá seans ann go mbeidh éagsúlacht ann sna torthaí a bhainfear amach. Mar fhreagairt don phróiseas um Athchóiriú an Aistrithe, chinn roinnt de na hinstiúidí Teicneolaíochta comhchlár iontrála a thabhairt isteach ag Leibhéal 8.

Mar chuid de na hathbhreithnithe ar phunanna clár atá á ndéanamh ag gach instiúidí teicneolaíochta le bliain anuas, táthar ag féachaint freisin ar a mhéid atá clár ann a bhfuil bonn iontrála róchúng acu san earnáil, go háirithe i gcásanna ina bhfuil clár chomhlántacha ann a d'fhéadfaí a thairiscint faoi chód amháin de chuid an CAO.

An próiseas cumaisc atá ar siúl mar chuid de na hathchóirithe athstruchtúraithe san earnáil teicneolaíochta, mar aon le forbairt na mbraislí réigiúnacha, tabharfaidh siad deis eile chun pleanáil acadúil níos comhleanúnaí a chur chun cinn ar fud an chórais ardoideachais ina iomláine.

⁶ Bhí 603 bealach iontrála ann i gclár Leibhéal 8 sna seacht n-ollscoil sa bhliain 2011. Tá 599 bealach iontrála ann sa bhliain 2015.

OBAIR EILE AGUS ÁBHAIR A BHAINNEANN LE HIONTRÁIL

7

Beidh an pacáiste beart lena gcur chun feidhme thart nuair a bheidh an comhscála pointí nua tugtha chun críche i mí Mheán Fómhair 2015. Cuirfear iad i bhfeidhm den chéad uair maidir leis na daltaí sin a thabharfaidh faoin Ardeistiméireacht sa bhliain 2017.

Is ag an am sin a chuirfear tús le céim eile oibre chun scrúdú a dhéanamh ar ábhair eile a bhaineann le roghnú agus le hiontráil san ardoideachas, lena n-áireofar breithniú á dhéanamh ag na hollscoileanna agus ag na hinstiúidí teicneolaíochta ar a riachtanais rollaithe faoi seach. Chomhaontaigh na hollscoileanna sraith nua riachtanas iontrála dóibh siúd a bhfuil A-leibhéil déanta acu agus a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar ollscoileanna in Éirinn. Foilseofar na riachtanais iontrála sin roimh i bhfad.

Rud ábhartha eile is ea an t-athbhreithniú a rinne an Córas Iarratais Ollscoileanna agus Coláistí (UCAS) sa Ríocht Aontaithe ar an taraif a ghearrtar ar mhic léinn Éireannacha atá ag iarraidh dul isteach i gclár sa Ríocht Aontaithe/Tuaisceart Éireann. Tá dréacht-taraif comhaontaithe go sealadach anois idir UCAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Deimhneofar agus cuirfear in iúl í i mí na Bealtaine 2015 dóibh sin a bheidh ag iarraidh dul isteach in instiúidí ardoideachais sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2017. Is é is aidhm don taraif an choibhéis reatha idir A-Leibhéal agus Ardeistiméireacht na hÉireann a choinneáil ar bun den chuid is mó.

CREAT TAIGHDE AGUS MEASTÓIREACHTA

8

Tá creat um thaighde agus um meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas um Athchóiriú an Aistrithe á fhorbairt faoi láthair chun bonn fianaise láidir a chur i bhfeidhm le haghaidh na gnéithe éagsúla den chlár um athchóiriú a mhonatóiriú agus a chur chun feidhme ar bhonn córasach agus le haghaidh tionchar na ngnéithe sin a mheas.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

9

Rachaidh cur chun feidhme na chéad chéime d'athchóirithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo i bhfeidhm ar dhaltaí a rachaidh isteach i mbliain a cúig i mí Mheán Fómhair 2015 agus a thabharfaidh faoin Ardteistiméireacht sa bhliain 2017.

Déanfar na gnéithe deiridh uile den chomhscála pointí nua a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2015.

Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an taighde ón OUCEA ar Ardteistiméireacht na hÉireann a fhoilsiú roimh i bhfad. Beidh gach ábhar dá dtagraítear sa tuarascáil seo ar fáil don phobal ar www.transition.ie

GLUAIS NA NGIARRÚCHÁN

CAO	An Lár-Oifig Iontrála
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
ERC	An Foras Taighde ar Oideachas
ESRI	An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas
IUA	Cumann Ollscoileanna na hÉireann IOTI Institiúidí Teicneolaíochta Éireann
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta OUCEA Lárionad Ollscoil Oxford um Measúnacht Oideachais
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SEC	Coimisiún na Scrúduithe Stáit;

AGUISÍN 1 TÁTAIL AN TAIGHDE AR INTUARTHACHT (OUCEA) AGUS SAINCHEISTEANNA LENA MBREITHNIÚ⁷

TÁTAIL

- i. Ar an iomlán, níor tacaíodh i dtorthaí an taighde le hábhair imní faoina intuartha atá ábhar na scrúdcheisteanna Ardteistiméireachta. Níor aimsíodh ceann ar bith de na scrúduithe a bheith intuartha ón taobh fadhbach de sna téarmaí sin.
- ii. Tarlaíonn sé nár tacaíodh sa taighde sin le hábhair imní a cuireadh in iúl sna meáin faoina intuartha atá na scrúduithe. Toisc go dtéann na meáin i bhfeidhm ar na tuairimí atá ag geallsealbhóirí ar na scrúduithe, tá sé tábhachtach do chreidiúnacht na hArdteistiméireachta gur measúnacht iontaofa í. Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar beart sonrach chun aghaidh a thabhairt ar an dóigh a léirítear na scrúduithe sna meáin ar mhaithe le hiontaoibh a choinneáil ar bun as na scrúduithe náisiúnta tábhachtacha sin.
- iii. Baineann intuarthacht na scrúduithe le níos mó ná ábhar na gceisteanna amháin, áfach. Is minic a bhaineann ábhair imní le tionchar na scrúduithe ar na cineálacha foghlama a dtéann daltaí ina mbun. Tugadh réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú faoi deara i ngach ceann de na sé ábhar a ndearnadh imscrúdú orthu.
- iv. I gcás na hEacnamaíochta, na Fraincise agus na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide, bhí sain-athbhreithneoirí den tuairim go raibh na scrúduithe measartha intuartha ar an iomlán (is é sin, nach raibh siad an-tuartha).
- v. Ba cheart smaoineamh faoi thuilleadh béime a chur ar mheasúnacht a dhéanamh ar scileanna smaointeoireachta ardoird nó ísealoird sna scrúduithe, ar aon dul leis na treochtaí idirnáisiúnta atá ann ó thaobh measúnachta de.
- vi. Má tá na scrúduithe Ardteistiméireachta chun fanacht cothrom le dáta, beidh gá ann leis na siollabais a athbhreithniú ar bhonn níos rialta. Tá sé sin tábhachtach maidir le coinneáil suas le feabhsuithe i ndearadh measúnachta (mar shampla, measúnacht a dhéanamh ar thuilleadh scileanna smaointeoireachta ardoird), mar aon le hábhar siollabais.
- vii. Cé go raibh na sain-athbhreithneoirí ábhair den tuairim go raibh trédharcacht in easnamh sna scéimeanna marcála, ní raibh múinteoirí ná daltaí den tuairim chéanna. D'fhéadfadh aon athruithe ar na scéimeanna marcála chun iad a dhéanamh níos trédhearcaí dul i bhfeidhm ar a inbhainistithe atá grádteorainneacha seasta (scoithscóir) in Ardteistiméireacht na hÉireann. Mar sin, is gá cinntí a dhéanamh ar cé acu is féidir nó nach féidir scéimeanna marcála a athrú ar an mbealach sin agus an córas reatha um shocrú caighdeán a choinneáil ar bun ag an am céanna. D'fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh i staidéir threoracha ar a indéanta a bheadh sé sin.
- viii. Chuir an taighde leis an litríocht taighde idirnáisiúnta trí chlár taighde atá níos leithne ná an taighde a bhí ar fáil roimhe a sholáthar ar an intuarthacht a bhaineann le scrúduithe náisiúnta. Ceapadh scálaí nua chun na tuairimí a bhí ag daltaí ar a intuartha atá na scrúduithe a thomhas. Rinneadh imscrúdú ina dhiaidh sin ar an ngaol a bhí ann idir na tuairimí sin agus na scóir a baineadh amach sa scrúdú. D'fhonn dul i ngleic le mór-shaincheisteanna amhail ullmhú do scrúduithe, tugadh aird sa taighde ar na tuairimí a bhí ag múinteoirí agus ag daltaí ar na scrúduithe Ardteistiméireachta agus ar ullmhú do na scrúduithe sin.

⁷ EJ. Baird, T.N. Hopfenbeck, J. Elwood, D. Caro, and A. Ahmed, 'Predictability in the Irish Leaving Certificate', Lárionad Ollscoil Oxford um Measúnacht Oideachais agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, leathanach 27.

SAINCHEISTEANNA LENA MBREITHNIÚ I GCOMHTHÉACS NA HÉIREANN⁸

Tagann roinnt saincheisteanna as an taighde ar fiú breithniú a dhéanamh orthu i gcomthéacs na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna sin sa ghearrthéarma, ach d'fhéadfadh gur ghá breithniú ní b'iomláine a dhéanamh ar chinn eile de bharr na gcóras measúnachta a bheith leabaithe go cultúrtha. Is gá breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann go dtiocfaidh iarmhairtí neamhbheartaithe chun cinn agus d'fhéadfadh go mbeadh plean ní b'fhadtéarmaí ag teastáil ó athruithe áirithe dá bharr sin.

1. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun aghaidh a thabhairt ar léiriú na meán ar a intuartha atá scrúduithe Ardteistiméireachta, rud nach bhfuil aon bhun fírinne leis. Imeachtaí tábhachtacha saoil do dhaoine óga is ea na scrúduithe Ardteistiméireachta agus gabhann méid mór brú leo. Ní ceart an bonn a bhaint ó luach na hArdteistiméireachta trína mhaíomh gur ró-intuartha atá ábhar na scrúdcheisteanna.
2. Ba cheart smaoineamh faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar a mhíne a dhírítear ar thopaic ar leith sna ceisteanna agus an méid sin a chur i gcomparáid lena bhfuil beartaithe sa siollabas.
3. Níor cheart oiliúint a chur ar dhaltaí i bhfreagraí réamhullmhaithe scrúdaithe nach bhfuil tuiscint iomlán acu orthu. Cé gur mion-saincheist i dtorthaí an chláir taighde é sin, is ábhar inní é i gcásanna ina dtagann sé chun cinn. Is gá tuiscint a fháil ar fhormáidí scrúdaithe, ach ba cheart múinteoirí agus daltaí a chur ó dhul thar fóir leis sin toisc nach n-ullmhóidh sé daltaí dá bhfuil le teacht. Spreagann measúnachtaí ag a bhfuil geallta arda iompar an-straitéiseach (fiú amháin sa ghearrthéarma amháin) i measc daltaí agus múinteoirí ar mhaith

leo na torthaí is fearr a bhaint amach. Níl smacht iomlán ag an DES, ag an NCCA, ag an SEC ná ag múinteoirí, fiú, ar an tsaincheist sin. Mar sin, is é an rud is fearr a dhéanamh ina leith ná an cineál iompair sin a dhíspreagadh.

4. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar shiollabais a athbhreithniú níos minice agus bogadh i dtreo measúnacht a dhéanamh ar thuilleadh scileanna ardoird sa chéad bhabhta athbhreithnithe eile. Ba cheart a chinntiú go léirítear na hathruithe sna scéimeanna marcála, sna siollabais agus sna scrúdpháipéir. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfadh daltaí an curaclam atá beartaithe a chúngú agus ba cheart measúnachtaí a dhearadh ionas nach dtabharfar luach saothair as an gcleachtas sin.
5. Ba cheart trédhearcacht phróiseas scrúdaithe na hArdteistiméireachta a choinneáil ar bun toisc gur gá eolas a bheith ag daltaí ar a mbeifear ag súil leis uathu sa scrúdú. Dá gcuirfí deireadh leis an trédhearcacht sin, bhainfí an bonn óna bhailí atá na scrúduithe. Nílimid ag rá nár cheart measúnacht a dhéanamh ar dhaltaí ach amháin ar na nithe atá cleachta acu cheana féin. Baineann foghlaim agus measúnacht bharántúil le teacht i dteagmháil le ceisteanna agus le feidhmeanna nua go méid áirithe.
6. Ba cheart smaoineamh faoi scrúdú a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar laigí na gcineálacha cur chuige reatha agus féideartha um shocrú caighdeán. Is trí chóras den sórt sin um shocrú caighdeán is gá aghaidh a thabhairt ar na luaineachtaí dosheachanta ó thaobh deacrachta de a thagann chun cinn i ngach scrúdú poiblí gach bliain. Is é an cheist atá le freagairt anseo ná cé acu atá nó nach bhfuil an cur chuige reatha ar an gcur chuige is éifeachtaí don Ardteistiméireacht.

⁸ J. Baird, T.N. Hopfenbeck, J. Elwood, D. Caro, and A. Ahmed, 'Predictability in the Irish Leaving Certificate', Lárionad Ollscoil Oxford um Measúnacht Oideachais agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, leathanach 28.



State Examinations Commission
Coimisiún Na Scrúduithe Stáit

iua IRISH
UNIVERSITIES
ASSOCIATION

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curraicim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ICTI
Institutes of Technology Ireland

DEPARTMENT OF
EIDHEACHAS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHÁS



QQI
Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann